Tuairiscí scoile – rólghníomhaíocht

Treoracha agus moltaí

Seo rólghníomhaíocht atá bunaithe ar thuairiscí scoile.

Treoracha

- Mar réamhullmhúchán, tá sé tábhachtach go mbeadh stór focal a bhaineann le tréithe daoine déanta ag na foghlaimeoirí ('cúthail', 'díograiseach', 'ciúin', 'stuama', 'trioblóideach', 'goilliúnach' etc.).

- Cuir an rang ag obair i mbeirteanna. Mínigh go mbeidh siad ag glacadh páirte i rólghníomhaíocht ina mbeidh tuismitheoir agus múinteoir ag plé páiste. Beidh an plé bunaithe ar thuairisc scoile. Tabhair ról tuismitheora (tuismitheoir Aoife nó Barry) do dhuine de gach péire agus tabhair ról múinteora (múinteoir Aoife nó Barry) don duine eile i ngach péire. Caithfidh siad a ról a léamh ar dtús – déan cinnte go dtuigeann siad an méid atá scríofa. Ansin iarr orthu an cruinniú a eagrú i.e. Mamaí Aoife agus múinteoir Aoife ag caint le chéile agus Mamaí Barry agus múinteoir Barry ag caint le chéile.

- Nuair a bheidh siad críochnaithe, déanfaidh siad rólghníomhaíocht eile – an uair seo, na daoine a raibh Aoife acu, tógfaidh siad Barry agus na daoine a raibh Barry acu, tógfaidh siad Aoife. Malartóidh siad rólanna chomh maith – an té a bhí ina thuismitheoir beidh sé anois ina mhúinteoir agus *vice versa*.

Mamaí Aoife

Bhí tuairisc scoile Aoife an-mhaith ach tá tú buartha fúithi. Níl sí sásta. Is páiste goilliúnach, cúthail í agus tá beirt chailíní sa rang a bhíonn ag piocadh uirthi. Tá sí cráite agus níl sí ag codladh i gceart. Ba mhaith leat an scéal a phlé leis an múinteoir ach ní dóigh leat go bhfuil sí go maith ag éisteacht…

Seo an méid a scríobh an múinteoir sa tuairisc scoile:

Is cailín gleoite béasach í Aoife agus déanann sí a dícheall i gcónaí. Tugann sí an-aire don obair agus tá sí criochnúil agus néata. Is pléisiúr í a bheith sa rang. Bhí sí an-chiúin ag tús na bliana ach tá sí ag caint agus éirí muinineach anois…

Múinteoir Aoife

Tá Aoife go breá ar scoil agus ní fheiceann tú aon fhadhb. Bhí sí an-chiúin ar fad ag tús na bliana ach síleann tú go bhfuil feabhas ag teacht uirthi. Síleann tú go mbíonn a Mamaí róbhuartha fúithi…

Seo an méid a scríobh tú faoi Aoife sa tuairisc:

Is cailín gleoite béasach í Aoife agus déanann sí a dícheall i gcónaí. Tugann sí an-aire don obair agus tá sí criochnúil agus néata. Is pléisiúr í a bheith sa rang. Bhí sí an-chiúin ag tús na bliana ach tá sí ag caint agus éirí muinineach anois…

Mamaí Barry

Tá Barry chomh trioblóideach sa bhaile. Tá tú marbh aige! Bíonn sé dána go minic agus ní bhíonn sé deas lena dheirfiúr óg. Tá sé fiáin. Ach tháinig tuairisc an-mhaith ón múinteoir. An bhfuil sé seo fíor?! An bhfuil botún ann? An é seo an Barry céanna?

Seo an méid a scríobh an múinteoir sa tuairisc scoile:

Is buachaill dea-mhúinte, cabhrach, cneasta é Barry agus bíonn sé ag obair go dian. Bíonn sé deas leis na páistí eile i gcónaí. Ba cheart a bheith cúramach faoin bpeannaireacht, áfach! D'fhéadfadh sé a bheith níos néata. Tá ag éirí go hiontach leis i mbliana leis an léitheoireacht – tá dul chun cinn mór déanta aige.

Múinteoir Barry

Is fada an lá ó mhúin tú leanbh chomh deas, cneasta, cineálta, béasach le Barry. Ó, dá mbeadh gach leanbh mar sin!...

Seo an méid a scríobh tú faoi Barry sa tuairisc:

Is buachaill dea-mhúinte, cabhrach, cneasta é Barry agus bíonn sé ag obair go dian. Bíonn sé deas leis na páistí eile i gcónaí. Ba cheart a bheith cúramach faoin bpeannaireacht, áfach! D'fhéadfadh sé a bheith níos néata. Tá ag éirí go hiontach leis i mbliana leis an léitheoireacht – tá dul chun cinn mór déanta aige.